Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14906/1/21**
**REV 1**

**JAI 1400**
**FIN 973**
**FRONT 439**
**COMIX 626**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Samhain 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11510/2/21 REV 2 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal, *Frontex's support to external border management: not sufficiently effective to date* [Tacaíocht Frontex maidir le bainistiú na dteorainneacha seachtracha: ní raibh sí éifeachtach go leor go dtí seo]<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 9 Samhain 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Frontex's support to external border management: not sufficiently effective to date* [Tacaíocht Frontex maidir le bainistiú na dteorainneacha seachtracha: ní raibh sí éifeachtach go leor go dtí seo], a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) ag an 3822a cruinniú a bhí aici ar an 9 Samhain 2021.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, *Frontex's support to external border management: not sufficiently effective to date* [Tacaíocht Frontex maidir le bainistiú na dteorainneacha seachtracha: ní raibh sí éifeachtach go leor go dtí seo]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. GABHANN SÍ BÚIOCHAS le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2021 *Frontex's support to external border management: not sufficiently effective to date* [Tacaíocht Frontex maidir le bainistiú na dteorainneacha seachtracha: ní raibh sí éifeachtach go leor go dtí seo];

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ na conclúidí agus na moltaí sa Tuarascáil Speisialta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí Frontex sa tréimhse ó dheireadh 2016 go dtí mí Feabhra 2020.

3. MEASANN SÍ gur rannchuidiú úsáideach í an Tuarascáil Speisialta i ndáil leis an machnamh atá déanta ag Frontex agus ag an gCoimisiún maidir leis an mbealach ina bhféadfaí feabhas a chur ar éifeachtúlacht na tacaíochta a thugann Frontex do bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, agus béim á cur inti ar an sainordú i ndáil le Rialachán (AE) 2016/1624;

4. AITHNÍONN SÍ go háirithe an tábhacht a bhaineann leis an méid a leanas:

   – an creat malartaithe faisnéise agus an pictiúr de dhálaí Eorpacha a fheabhsú;

   – an múnla comhchoiteann comhtháite don anailís riosca a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme agus rochtain shlán ar fhoinsí eile faisnéise;

   – acmhainneacht an mheasúnaithe leochaileachta a fhorbairt;

   – freagairt oibríochtúil Frontex a fheabhsú; agus

   – aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le sainordú nua Frontex.

5. IARRANN SÍ ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoi thuarascálacha iniúchóireachta amach anseo maidir leis an tsaincheist chéanna.